



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 5.9.2024  
COM(2024) 394 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG  
PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh bearta eatramhacha agus maidir le húsáid na  
mbeart sin ag údaráis iomaíochta náisiúnta**

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh bearta eatramhacha agus maidir le húsáid na  
mbeart sin ag údaráis iomaíochta náisiúnta**

## **1. RÉAMHRÁ: CÚLRA AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA**

Le rialacha an Aontais in aghaidh trastaí, cuirtear toirmeasc ar chomhaontuithe agus ar chleachtais chomhbheartaithe idir gnóthais a chuireann srian ar iomaíocht (Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE')) agus ar iompar mí-úsáideach ag gnóthais a bhfuil ceannasacht acu ar an margadh (Airteagal 102 CFAE). Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') agus údaráis iomaíochta na mBallstát ('na húdaráis iomaíochta náisiúnta') ina gcomh-fhorfheidhmitheoirí ar rialacha an Aontais in aghaidh trastaí de bhun Airteagail 4, 5 agus 10 de Rialachán (CE) Uimh 1/2003 ón gComhairle<sup>1</sup>. Le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ceanglaítear ar údaráis iomaíochta náisiúnta rialacha an Aontais in aghaidh trastaí a chur i bhfeidhm nuair a d'fhéadfadh comhaontú nó mí-úsáid difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. Oibríonn an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta i gcomhar laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta ('ECN') chun na rialacha sin in aghaidh trastaí a fhorfheidhmiú.

Is féidir le bearta eatramhacha bheith mar uirlis chumhachta d'údaráis iomaíochta lena áirithiú go gcaomhnaítear nó go n-athbhunaítear iomaíocht ar an margadh fad atá imscrúdú in aghaidh trastaí ar siúl. Tá sé d'aidhm ag bearta den sórt sin cosc a chur le tuilleadh damáiste don iomaíocht le linn imeachtaí leanúnacha. Le bearta eatramhacha, d'fhéadfadh mar shampla, go n-ordófaí do ghnóthas táirge nó seirbhís áirithe a sholáthar nó iompar áirithe a stopadh fad atá an t-imscrúdú in aghaidh trastaí ar siúl.

Déantar foráil maidir le cumhacht an Choimisiúin bearta eatramhacha a fhorchur in imeachtaí in aghaidh trastaí in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, a leagtar amach thíos.

*1. I gcásanna práinne mar gheall ar an mbaol go ndéanfar damáiste tromchúiseach doleasaithe don iomaíocht, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar a thionscnamh féin, ar bhonn cinneadh prima facie go ndearnadh sárú, bearta eatramhacha a ordú.*

*2. Beidh feidhm ag cinneadh faoi mhír 1 ar feadh tréimhse shonraithe agus féadfar an tréimhse sin a athnuachan a mhéid atá sé riachtanach agus iomchuí.*

---

<sup>1</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, IO 4.1.2003, L1/1.

An 11 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2019/1<sup>2</sup> (**‘Treoir ECN+’**) chun forfheidhmiú níos éifeachtaí ar rialacha an Aontais in aghaidh trastaí a dhéanamh d’údaráis iomaíochta náisiúnta, i bpáirt trína áirithiú go bhfuil an méid seo a leanas acu: (i) ráthaíochtaí bunúsacha maidir le neamhspleáchas agus acmhainní; (ii) príomhchumhachtaí imscrúdaitheacha, cinnteoireachta agus fineála; (iii) cláir thrócaire; agus (iv) sásraí le haghaidh cúnamh frithpháirteach.

Le hAirteagal 11 de Threoir ECN+ ceanglaítear ar na Ballstáit an chumhacht a thabhairt dá n-údaráis iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a fhorchur. Tá foclaíocht an airteagail leagtha amach thíos.

*1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé de chumhacht ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta gníomhú ar a dtionscnamh féin trí chinneadh a dhéanamh go bhforchuirfí bearta eatramhacha ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas, sna cásanna sin ar a laghad ina bhfuil práinn leo mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar tromchúiseach doleigheasta don iomaíocht ar bhonn cinnidh prima facie go ndearnadh sárú ar Airteagal 101 CFAE nó Airteagal 102 CFAE. Beidh cinneadh den sórt sin comhréireach agus beidh feidhm aige ar feadh tréimhse shonraithe ama a bhféadfaí síneadh a chur léi a mhéid is gá agus is cuí, nó go dtí go ndéanfar an cinneadh críochnaitheach. Cuirfidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta an Gréasán Eorpach Iomaíochta ar an eolas go ndearnadh na bearta eatramhacha sin a fhorchur.*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na mbearta eatramhach dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear ar a gcuid comhréireachta, i nósanna imeachta achomhairc brostaithe.*

Soiléirítear in Aithris 38 de Threoir ECN+ gur uirlis thábhachtach iad bearta eatramhacha chun forbairtí margaidh a sheachaint a d’fhéadfadh a bheith an-deacair a aisiompú le cinneadh arna dhéanamh ag údarás iomaíochta náisiúnta ag deireadh na n-imeachtaí. Cuirtear i bhfios go láidir ann freisin go bhfuil sé de chead ag na Ballstáit cumhachtaí níos fairsinge a thabhairt do na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun bearta eatramhacha a fhorchur agus gur cheart do na Ballstáit na dálaí is gá a chruthú chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta úsáid a bhaint as bearta eatramhacha sa chleachtas. Bhí sé d’oibleagáid ar na Ballstáit an Treoir ECN+ a thrasú faoin 4 Feabhra 2021.

I ndearbhú a ghabhann le Treoir ECN+, gheall an Coimisiún ‘anailís a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil modhanna ann chun glacadh beart eatramhach laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta a shimpliú’, is é sin ‘d’fhonn é a chur ar a gcumas do na húdaráis iomaíochta déileáil ar bhealach níos éifeachtaí le forbairtí i margaí mearghluaiseachta’.

Beartaíodh ar dtús torthaí na hanailíse sin a thíolacadh i dtuarascáil chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa laistigh de 2 bhliain ón spriocdháta chun Treoir ECN+ a thrasú, is é sin faoin 4 Feabhra 2023. I mí an Mheithimh 2022, áfach, sheol an Coimisiún próiseas chun

---

<sup>2</sup> Treoir (AE) 2019/1 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, IO 14.1.2019, L11/3.

meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, cuireadh an tuarascáil siar ionas go bhféadfaí í a thíolacadh in éineacht le torthaí na meastóireachta ar chumhacht an Choimisiúin bearta eatramhacha a ghlacadh in imeachtaí in aghaidh trustaí mar a fhoráiltear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle. Tríd an tuarascáil a chur siar, bhíothas in ann anailís níos cuimsithí a dhéanamh freisin, ós rud é go bhfuil próiseas trasuímh Threoir ECN+ curtha i gcrích ag formhór na mBallstát idir an dá linn<sup>3</sup>.

Leis an tuarascáil seo, díritear ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh bearta eatramhacha agus maidir le húsáid na mbeart sin ag údaráis iomaíochta náisiúnta. Tá sí bunaithe ar mheasúnú comparáideach ar na nithe seo a leanas: (i) téacsanna reachtacha ábhartha na mBallstát; (ii) na sonraí cainníochtúla a sholáthair na húdaráis iomaíochta náisiúnta mar chuid de phróiseas meastóireachta Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún agus arna gcomhlánú mar chuid den anailís sin; agus (iii) an t-aiseolas cáilíochtúil ó údaráis iomaíochta náisiúnta a bailíodh trí iarraidh ar fhaisnéis<sup>4</sup>.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo trí fhorléargas a thabhairt ar na nithe seo a leanas: (i) na dátaí a tugadh isteach an chumhacht bearta eatramhacha a fhorchur maidir le rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a sháru sna Ballstáit éagsúla; agus (ii) na hathruithe reachtacha a tugadh chun na cumhachta sin trí thrasuí Threoir ECN+. Cuirtear i láthair sa tuarascáil ansin na difríochtaí idir creataí reachtacha na mBallstát i dtéarmaí na tástála dlíthiúla substaintí nach mór a chomhlíonadh sula bhforchuirtear bearta eatramhacha agus na ceanglais nós imeachta maidir leis na bearta sin. Ar deireadh, déantar anailís inti ar an úsáid iarbhrí a bhaineann údaráis iomaíochta náisiúnta as an uirlis forfheidhmiúcháin sin agus ar a dtaithe. Críochnaíonn an tuarascáil le roinnt réamhchonclúidí.

## **2. AN CHUMHACHT CHUN BEARTA EATRAMHACHA A GHLACADH SNA BALLSTÁIT**

Tá sé de chumhacht ag gach ceann de 27 n-údarás iomaíochta náisiúnta an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta bearta eatramhacha a fhorchur maidir le sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí agus/nó a bhforálacha coibhéiseacha faoin dlí iomaíochta náisiúnta. Tá an chumhacht sin ina cuid d'uirlisí caighdeánach na n-údarás iomaíochta náisiúnta maidir le forfheidhmiú in aghaidh trustaí atá ina ndlíthe iomaíochta náisiúnta faoi seach.

*Forbhreathnú ar thabhairt isteach na cumhachta chun bearta eatramhacha a fhorchur*

Sula ndearnadh cumhacht an Choimisiúin bearta eatramhacha a fhorchur a chódú i Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle<sup>5</sup>, bhí an chumhacht sin ag 11 údarás iomaíochta náisiúnta

---

<sup>3</sup> Idir an dá linn, rinne gach Ballstát, seachas an Eastóin, Treoir ECN+ a thrasuí. Cumhdaítear an Eastóin leis an anailís sa tuarascáil seo, ach ní léirítear léi go fóill aon athruithe reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gcumhacht bearta eatramhacha a ghlacadh tar éis thrasuí Threoir ECN+.

<sup>4</sup> I lár mhí na Samhna 2023, sheol an Coimisiún iarraidh neamhfhoirmiúil ar fhaisnéis chuig na húdaráis iomaíochta náisiúnta uile maidir leis an tabhairt isteach, an bunús dlí agus an taithe ar bhearta eatramhacha ina mBallstáit faoi seach. Chuir na húdaráis iomaíochta náisiúnta uile freagra isteach ar an iarraidh sin.

<sup>5</sup> Ba é Rialachán (CEE) Uimh. 17 ón gComhairle an 6 Feabhra 1962 an chéad rialachán lenar cuireadh Airteagail 85 agus 86 den Chonradh i bhfeidhm (IO 21.2.1962, 204). Ní dhearnadh foráil shainráite ann maidir leis an gcumhacht bearta eatramhacha a ghlacadh, ach d'admhaigh Cúirt Bhreithiúnais an

cheana féin: An Fhrainc (1986), an Chipir (1989), an Spáinn (1989), an Bheilg (1991), an Fhionlainn (1992), an tSualainn (1993), an Ghréig (1995), Málta (1995), an Ungáir (1997), an Liotuáin (1999) agus an Ostair (2002).

Ina theannta sin, fuair 13 údarás iomaíochta náisiúnta na cumhachtaí sin an tráth céanna a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle nó ina dhiaidh: An Chróit (2003), an Phortaingéil (2003), an tSeicia (2004), an Laitvia (2004), <sup>2</sup>Lucsamburg (2004), an Pholainn (2004), an Ghearmáin (2005), an Rómáin (2005), an Iodáil (2006), an Bhulgáir (2008), an tSlóivéin (2008), an Danmhairg (2013) agus an Eastóin (2013).

Mar fhorais bhunúsacha le tabhairt isteach na cumhachta chun bearta eatramhacha a ghlacadh, tagraíonn na húdaráis iomaíochta náisiúnta go ginearálta don ghá atá ann a bheith in ann idirghabháil níos tapúla a dhéanamh agus cás a chaomhnú nó iomaíocht a athbhunú fad atá imscrúdú in aghaidh trustaí ar feitheamh. I gcás na n-údarás iomaíochta náisiúnta sin a fuair an chumhacht sin tar éis ghlacadh Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, ba chúis bhreise spreagtha é an fonn a gcumhachtaí forfheidhmiúcháin a ailíniú le cumhachtaí forfheidhmiúcháin an Choimisiúin agus/nó na n-údarás iomaíochta náisiúnta eile.

Thug dhá Bhallstát an chumhacht isteach chun bearta eatramhacha a ghlacadh le déanaí, mar chuid de phróiseas trasuite Threoir ECN+: an Ísiltír (2021) agus Éire (2022<sup>6</sup>). Sa tSlóvaic, bhí an t-údarás iomaíochta náisiúnta in ann brath mar a bhí ar chumhacht níos ginearálta chun bearta eatramhacha a fhorchur bunaithe ar a chód riaracháin náisiúnta, ach is le trasuí Threoir ECN+ (in 2021) amháin a tugadh isteach an chumhacht chun bearta eatramhacha a ghlacadh i ndlí iomaíochta náisiúnta na Slóvaice.

#### *Athruithe reachtacha a tugadh isteach tar éis Threoir ECN+*

Cé go raibh sé de chumhacht cheana féin ag formhór na n-údarás iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a fhorchur roimh Threoir ECN+, bhí gá le hathruithe reachtacha áirithe chun an Treoir a thrasú. D'úsáid roinnt Ballstát an próiseas trasuite freisin chun athruithe a thabhairt isteach a chuaigh níos faide ná ceanglais Threoir ECN+. Le formhór na n-athruithe reachtacha, is fusa do na húdaráis iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a ghlacadh tar éis thrasuí Threoir ECN+ ina mBallstáit féin.

Mar chuid dá dtrasuí ar Threoir ECN+, thug an Fhrainc agus Lucsamburg isteach go bhféadfadh údarás iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a ghlacadh ar a thionscnamh féin (*ex officio*), mar a cheanglaítear leis an Treoir. Mar thoradh ar thrasuí na Liotuáine, ní gá d'údarás iomaíochta na Liotuáine cead a fháil ó chúirt a thuilleadh chun bearta eatramhacha a fhorchur. Mar chuid dá thrasuí, thug an Ghearmáin tástáil dhlíthiúil isteach nach raibh chomh dian céanna le haghaidh bearta eatramhacha, nach n-éilíonn cruthúnas ar 'dhochar doleigheasta' don iomaíocht a thuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, ní éilíonn an Bhulgáir 'fianaise leordhóthanach' ar shárú a

---

Aontais Eorpaigh an chumhacht sin (féach Ordú ón gCúirt an 17 Eanáir 1980, *Camera Care Ltd v an Coimisiún*, Cás 792/79 R, EU:C:1980:18, mír 18).

<sup>6</sup> Glacadh an t-acht lenar tugadh isteach an chumhacht nua sin d'údarás iomaíochta na hÉireann in 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm in 2023.

thuilleadh, ós rud é gur leor fianaise *prima facie* de réir na Treorach. Tá an deis anois ag údarás iomaíochta náisiúnta na Sualainne leigheasanna struchtúracha a fhorchur mar bhearta eatramhacha<sup>7</sup>. Agus í á trasuí, thug an Iodáil isteach an chumhacht chun fad na mbearta eatramhacha a athnuachan nó a shíneadh, rud nárbh fhéidir a dhéanamh go foirmiúil roimhe sin. Thug an Phortaingéil tagairt shonrach isteach don cheanglas maidir le cinneadh *prima facie* gur sáraíodh rialacha an Aontais in aghaidh trustaí mar bhonn chun bearta eatramhacha a fhorchur, agus ní cheanglaítear léi a thuilleadh ar an údarás iomaíochta náisiúnta cinneadh a ghlacadh sna príomhimeachtaí laistigh de 180 lá tar éis bearta eatramhacha a fhorchur. Agus mhéadaigh an Fhionlainn an tréimhse ama inar féidir bearta eatramhacha a fhorchur go dtí suas le 12 mhí (agus is féidir an cinneadh a athnuachan)<sup>8</sup>.

I gcás na Fionlainne, Lucsamburg agus na Slóvaice, mar thoradh ar an ailíniú leis an tástáil dhlíthiúil shubstainteach ar Threoir ECN+, bhí tairseach níos airde ann do na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun bearta eatramhacha a ghlacadh ná an tástáil dhlíthiúil shubstainteach a cuireadh i bhfeidhm roimhe sin. Sa Pholainn, leis an gceanglas i dTreoir ECN+ ráiteas agóidí a ghlacadh sula ndéantar cinneadh maidir le sárú, tugadh isteach céim nós imeachta bhreise chun bearta eatramhacha a ghlacadh<sup>9</sup>. Agus í á trasuí, chuir an Ghréig deireadh leis go bhféadfadh an tAire Forbartha bearta eatramhacha a iarraidh agus thug sí isteach spriocdháta 12 mhí chun an cinneadh a ghlacadh sna príomhimeachtaí tar éis bearta eatramhacha a fhorchur (ar féidir síneadh 12 mhí eile a chur leis uair amháin).

Ar deireadh, athruithe reachtacha eile sna Ballstáit: (i) soiléirithe a thabhairt maidir leis an gceanglas prionsabal na comhréireachta a urramú agus maidir leis an ngá atá le hachomhairc bhrostithe faoin Treoir; agus (ii) tugadh isteach an oibleagáid fógra a thabhairt don Ghréasán Eorpach Iomaíochta maidir le bearta eatramhacha a ghlacadh.

### **3. TÁSTÁIL DHLÍTHIÚIL AGUS NÓS IMEACHTA DLÍTHIÚIL: TUILLEADH COMHCHUIBHITHE ACH TÁ ÉAGSÚLACHTAÍ FÓS ANN**

<sup>7</sup> Is iarmhairt indíreach é sin ar thrasuí Threoir ECN+. Sa tSualainn, tá an chumhacht chun bearta eatramhacha a ghlacadh nasctha leis an gcumhacht chun leigheasanna a fhorchur. I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Threoir ECN+, ba cheart do na húdaráis iomaíochta náisiúnta a bheith in ann ‘aon leigheas iompraíochta nó struchtúrach’ a fhorchur. Leathnaíodh cumhacht údarás iomaíochta na Sualainne leigheasanna a fhorchur chun leigheasanna struchtúracha a chumhdach freisin, rud a leathnaigh a chumhacht, dá bhrí sin, chun bearta eatramhacha a fhorchur.

<sup>8</sup> Sula ndearnadh Treoir ECN+ a thrasuí san Fhionlainn, ní raibh bearta eatramhacha arna bhforchur ag Údarás Inniúil Náisiúnta na Fionlainne bailí ach ar feadh tréimhse 90 lá.

<sup>9</sup> Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3(3) de Threoir ECN+: ‘Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta ráiteas agóidí sula ndéanfaidh siad [cinneadh maidir le sárú]’. Sa Pholainn, tá dhá chineál imeachtaí foirmiúla ann: réamhimeachtaí (gan páirtithe sna himeachtaí, agus dá bhrí sin gan rochtain ar an gcomhad) agus imeachtaí um shárú (le páirtithe sna himeachtaí, agus rochtain ar an gcomhad). Tugadh isteach glacadh an ráitis agóidí tráth a thionscnaíodh imeachtaí foirmiúla um shárú. Ós rud é nach féidir bearta eatramhacha a ghlacadh ach amháin tar éis imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, tá céim bhreise nós imeachta ann chun bearta eatramhacha a ghlacadh mar thoradh ar thrasuí Airteagal 3(3), toisc gur gá tuilleadh faisnéise a chur in iúl do ghnóthais tráth a thionscnaítear na himeachtaí um shárú.

Le Treoir ECN+ rinneadh comhchuibhiú go pointe áirithe ar chumhacht na n-údarás iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a fhorchur. Le hAirteagal 11 de Threoir ECN+ ceanglaítear ar na Ballstáit an chumhacht a thabhairt dá n-údaráis iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a fhorchur ar a dtionscnamh féin (*ex officio*). Ar a laghad, sonraítear le hAirteagal 11 gur cheart feidhm a bheith ag an gcumhacht sin i gcásanna ina ndéanann ÚIN ‘cinneadh *prima facie* go ndearnadh sárú ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí’ agus i gcás a bhfuil ‘baol ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach doleigheasta don iomaíocht’. Ós rud é gur íoscheanglas comhchuibhithe é sin, is féidir leis na Ballstáit tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna a roghnú. Forordaítear leis an Treoir freisin nach mór d’aon bheart eatramhach an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) seasamh le prionsabal na comhréireachta; (ii) a bheith de chineál sealadach; agus (iii) a bheith in-athbhreithnithe in imeachtaí achomhairc bhrostithe. Ceanglaítear léi freisin ar gach údarás iomaíochta náisiúnta fógra a thabhairt don Ghréasán Eorpach Iomaíochta maidir le bearta eatramhacha a ghlacadh.

#### *An chumhacht chun glacadh beart eatramhach a thionscnamh*

Tá sé de chumhacht anois ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta uile glacadh beart eatramhach a fhorchur nó a thionscnamh ar a dtionscnamh féin (*ex officio*). Sular trasúodh Treoir ECN+, ní raibh sé de chumhacht ag údaráis iomaíochta náisiúnta na Fraince agus Lucsamburg bearta eatramhacha a ghlacadh ach amháin arna iarraidh sin do pháirtí. Cé nach bhfuil aon údarás iomaíochta náisiúnta ag brath a thuilleadh ar iarraidh ó pháirtí bearta eatramhacha a ghlacadh, déanann 11 údarás iomaíochta náisiúnta foráil freisin maidir le cumhacht shainráite chun bearta eatramhacha a ghlacadh arna iarraidh sin do pháirtithe (an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn). Mar sin féin, chuir údaráis iomaíochta náisiúnta eile in iúl freisin gur minic a ghníomhaíonn siad, sa chleachtas, tar éis iarraidh a fháil ó thríú páirtí. Is cosúil gurb é an t-aon difríocht nach bhfuil sé de cheangal ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta sin obair leantach a dhéanamh ar iarratais den sórt sin.

#### *An tástáil dhlíthiúil shubstainteach*

Roghnaigh 15 údarás iomaíochta náisiúnta an tástáil dhlíthiúil shubstainteach ar Threoir ECN+, arb ionann í agus an tástáil a bhfuil feidhm aici maidir leis an gCoimisiún nuair a fhorchuireann sé bearta eatramhacha faoi Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle. Ní mór dóibh ‘práinn mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar tromchúiseach doleigheasta don iomaíocht’ a léiriú (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSualainn).

Tá tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna ag 12 údarás iomaíochta náisiúnta. Sa Pholainn, sa Phortaingéil agus sa tSlóivéin, níor cheart go mbeadh an dochar ach ‘deacair a dheisiú’. Sa Danmhairg, ba cheart an dochar a bheith ‘tromchúiseach’ gan coinníoll na doleigheastachta fiú.

Seachas ceanglais a bheith ar údaráis iomaíochta náisiúnta eile dochar ‘doleigheasta’ a léiriú, is féidir leo dochar a léiriú do ghnóthais eile nó do leasanna níos ginearálta. Mar shampla, ní mór d’údarás iomaíochta na Beilge ‘damáiste tromchúiseach, atá ar tí tarlú agus atá deacair a chur ina



cheart do na gnóthais a ndéanann sárúithe den sórt sin difear dá leasanna' nó 'dochar don leas eacnamaíoch ginearálta' a léiriú. Ní mór d'údarás iomaíochta na Fraince 'dochar tromchúiseach láithreach don gheilleagar ginearálta, don earnáil lena mbaineann, do leasanna na dtomhaltóirí nó, i gcás inarb infheidhme, don ghnóthas is gearánach' a léiriú. Is féidir le húdarás iomaíochta na Gearmáine brath ar bhonn níos leithne ar an ngá atá le 'iomaíocht a chosaint' nó is féidir leis gníomhaíocht a dhéanamh má tá 'garbhagairt dochair thromchúisigh ann do ghnóthas eile'. Is féidir le húdarás iomaíochta na hUngáire bearta eatramhacha a ghlacadh má tá 'géarghá leis chun leasanna dlíthiúla nó eacnamaíocha na bpáirtithe lena mbaineann a chosaint agus má tá forbairt, cothabháil nó feabhsú na hiomaíochta i mbaol'. Ní mór d'údarás iomaíochta na Liotuáine 'damáiste ábhartha nó iarmhairtí doleigheasta do leasanna gnóthas nó don phobal' a léiriú.

I gcás údaráis iomaíochta náisiúnta eile, ina ionad sin, baineann an tástáil le toradh na n-imeachtaí a chaomhnú. Féadfaidh údarás iomaíochta Phoblacht na Seice bearta eatramhacha a ghlacadh má mheasann sé 'gur gá staid na bpáirtithe a rialáil go sealadach nó má tá inní ann go bhféadfaí forghníomhú cinnidh a chur i mbaol'. Ní mór d'údarás iomaíochta na Spáinne a léiriú go bhfuil gá leis na bearta eatramhacha chun 'éifeachtacht an chinnidh a eiseofar in am trátha' a áirithiú.

San Ostair, is forais leordhóthanacha í fianaise *prima facie* ar shárú chun bearta eatramhacha a ghlacadh, gan beann ar an dochar.

Maidir le cinneadh go ndearnadh sárú, ní mór d'fhormhór na n-údarás iomaíochta náisiúnta fianaise *prima facie* ar shárú a léiriú chun go mbeidh siad in ann bearta eatramhacha a ghlacadh. Is cosúil go bhforáiltear do cheanglas níos éadroime le dlíthe náisiúnta na Fraince agus na Slóivéine: sa dá Bhallstát, is féidir bearta eatramhacha a ghlacadh más féidir a léiriú go bhfuil 'dóchúlacht' ann go sárófar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí.



### *Ceanglais nós imeachta*

Tá difríochtaí idir ceanglais nós imeachta na n-údarás iomaíochta náisiúnta a mhéid a bhaineann le bearta eatramhacha a ghlacadh. Is é is cúis leis sin go príomha difríochtaí ina gcórais forfheidhmiúcháin náisiúnta, struchtúr an údaráis iomaíochta náisiúnta, agus ceanglais nós imeachta nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Mar shampla, tá córas forfheidhmithe bhreithiúnaigh ag an Ostair agus ag Málta, rud a chiallaíonn nach mór don údarás iomaíochta náisiúnta riaracháin iarratas ar bhearta eatramhacha a dhéanamh leis an gcúirt a ghníomhaíonn mar an t-údarás iomaíochta náisiúnta breithiúnach<sup>10</sup>. Tá difríocht idir na Ballstáit freisin maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na himeachtaí céanna leis na himeachtaí le haghaidh cinneadh ar na tuillteanais le leanúint chun bearta eatramhacha a ghlacadh, nó cé acu atá nó nach bhfuil saintréithe nós imeachta áirithe ann a chuireann ar chumas an údaráis iomaíochta náisiúnta gníomhú níos tapúla.

Tá saintréithe nós imeachta ag 16 údarás iomaíochta náisiúnta nuair atá bearta eatramhacha á nglacadh acu i gcomparáid lena n-imeachtaí le haghaidh cinneadh ar na tuillteanais. Baineann formhór na saintréithe sin le teorannú áirithe ar chearta cosanta an ghnóthais lena mbaineann. San Iodáil, is féidir leis an údarás iomaíochta náisiúnta, go heisceachtúil agus i gcásanna fíorphráinne, bearta eatramhacha sealadacha a fhorchur gan éisteacht leis an ngnóthas lena mbaineann (*inudita altera parte*)<sup>11</sup>. Ar an gcaoi chéanna, ní gá d'údarás iomaíochta na Bulgáire barúlacha i scríbhinn ón ngnóthas a cheadú ná éisteacht a eagrú, agus níl aon rochtain ar an gcomhad. Chuir údarás iomaíochta na Sualainne in iúl freisin nach gá éisteacht leis an ngnóthas lena mbaineann, cé go mbíonn roinnt idirphlé ann sa chleachtas i gcónaí, agus gur féidir rochtain ar an gcomhad a dhiúltú.

San Fhionlainn agus sa Ghearmáin, is féidir teorainn a chur le ceart éisteachta an ghnóthais lena mbaineann mar gheall ar phráinn na n-imeachtaí. Sa Ghearmáin, ciallaíonn sé sin go mbeadh an ceart éisteachta teoranta d'éisteacht ó bhéal mar eisceacht ar an ngnáthnós imeachta i scríbhinn. Is féidir le húdarás iomaíochta na Portaingéile rochtain ar an gcomhad agus éisteacht na bpáirtithe araon a chur siar go dtí go nglacfar na bearta eatramhacha. Sa Liotuáin agus sa Pholainn, níl aon éisteacht ann.

Baineann saintréithe eile nós imeachta le spriocdhátaí nós imeachta. Sa tSeicia, ní mór iarratas ar bhearta eatramhacha ó thríú páirtí a chinneadh laistigh de 10 lá. Sa Rómáin, tá 15 lá ag an ngnóthas chun freagra a thabhairt ar an bhfógra go bhfuil sé beartaithe ag an údarás iomaíochta bearta eatramhacha a ghlacadh, agus ní mór don údarás iomaíochta náisiúnta an cinneadh a ghlacadh laistigh de 15 lá eile. Sa Bheilg, eagraítear an éisteacht laistigh de 1 mhí, agus ní mór an cinneadh maidir leis na bearta eatramhacha a dhéanamh laistigh de 1 mhí amháin ón

<sup>10</sup> I gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Threoir ECN+, ciallaíonn 'údarás iomaíochta náisiúnta breithiúnach' údarás breithiúnach arna ainmniú ag Ballstát chun cuid de na feidhmeanna de chuid údaráis iomaíochta náisiúnta a dhéanamh.

<sup>11</sup> Is de chineál sealadach iad na bearta agus tá siad faoi réir a ndaingnithe tar éis an deis a bheith tugtha do na páirtithe freagra a thabhairt ar na líomhaintí.

éisteacht<sup>12</sup>. Sa Spáinn, bíonn 2 mhí ag an gcomhlacht imscrúdaitheach chun tuarascáil a chur faoi bhráid an bhoird, agus bíonn 5 lá ag an ngnóthas chun barúlacha i scríbhinn a chur isteach, agus bíonn 3 mhí ag an mbord ina dhiaidh sin chun cinneadh a ghlacadh. I Málta, tá 8 lá ag an ngnóthas freagra a thabhairt ar iarratas an údaráis iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a fhorchur, agus ní mór don chúirt cinneadh a dhéanamh ‘go práinneach’ agus ní féidir léi ach éisteacht amháin a eagrú.

I mBallstáit eile, is féidir codanna áirithe de na himeachtaí a ghiorrú. Is féidir le húdarás iomaíochta na Portaingeíle tréimhsí níos giorra a dheonú do na páirtithe chun a dtuairimí a chur i láthair (e.g. 5 lá in ionad 30 lá). Is amhlaidh an cás sa Liotuáin freisin (i.e. 7 lá ar a laghad seachas 14 lá ar a laghad). Sa Danmhairg, tá sprioc-am níos giorra ann don éisteacht.

Leanann údarás iomaíochta na Fraince amchlár tascach 90 lá ó thús an imscrúdaithe go dtí an éisteacht. Is ó bhéal den chuid is mó a bhíonn na himeachtaí freisin. Is féidir leis na páirtithe barúlacha i scríbhinn a chur isteach, ach ní chuireann an comhlacht imscrúdaitheach a thuairimí i láthair ach ó bhéal ag an éisteacht. I gcásanna áirithe níos simplí, is féidir an próiseas a theorannú d’éisteacht, nó d’iarraidh dhíreach ar an mbord diúltú don iarratas.

Sa Ghréig, is féidir leis an údarás iomaíochta náisiúnta urghaire idirbhreitheach a ghlacadh (i.e. ordú sealadach), tar éis dó an gnóthas lena mbaineann a thoghairm chuig éisteacht, atá bailí go dtí go nglacfar an cinneadh críochnaitheach maidir le bearta eatramhacha. Ní mór na bearta eatramhacha a thabhairt os comhair an chomhlachta cinnteoireachta laistigh de 30 lá, nó rachaidh an urghaire idirbhreitheach in éag go huathoibríoch.

Tá an forléargas thíos ar chumhachtaí na n-údarás iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha a ghlacadh bunaithe ar théacsanna reachtacha agus ar mhínithe na n-údarás iomaíochta náisiúnta. Léirítear leis cé na Ballstáit (i) a bhfuil tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna acu maidir le bearta eatramhacha a fhorchur, i gcomparáid leis an tástáil a áirítear in Airteagal 11 de Threoir ECN+ agus in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle agus/nó (ii) a bhfuil ceanglais nós imeachta nach bhfuil chomh dian céanna acu maidir le bearta eatramhacha a ghlacadh, i gcomparáid leis na himeachtaí ar na tuillteanais.

**Tábla 1: Forbhreathnú ar an tástáil dhlíthiúil shubstainteach agus ar na ceanglais nós imeachta maidir le bearta eatramhacha a ghlacadh**

An Ballstát	Tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna	Ceanglais nós imeachta nach bhfuil chomh dian céanna
an Ostair	☑	
an Bheilg	☑	☑
an Bhulgáir		☑
an Chróit		

<sup>12</sup> Is féidir síneadh 2 sheachtain bhreise a chur leis an teorainn ama don éisteacht; Agus féadfar an tréimhse don chinneadh a chur ar fionraí go ceann 8 lá oibre san iomlán chun gur féidir leis na páirtithe a gcuid barúlacha a chur isteach má imíonn na bearta eatramhacha atá beartaithe ón iarraidh ar bhearta idirthréimhseacha.

an Chipir		
an tSeicia	☑	☑
an Danmhairg	☑	☑
an Eastóin		
an Fhionlainn		☑
an Fhrainc	☑	☑
an Ghearmáin	☑	☑
an Ghréig		☑
an Ungáir	☑	
Éire		
an Iodáil		☑
an Laitvia		
an Liotuáin	☑	☑
Lucsamburg		
Málta		☑
an Ísiltír		
an Pholainn	☑	☑
an Phortaingéil	☑	☑
an Rómáin		☑
an tSlóvaic		
an tSlóivéin	☑	
an Spáinn	☑	☑
an tSualainn		☑

#### 4. BEARTA EATRAMHACHA A ÚSÁID SA GHRÉASÁN EORPACH IOMAÍOCHTA

Mar chuid den mheastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 773/2004 ón gCoimisiún, bailíodh sonraí maidir leis na cinntí a ghlac na húdaráis iomaíochta náisiúnta idir an tráth a tháinig na Rialacháin sin i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2004 agus go dtí mí na Nollag 2022. Chomhlánaigh na húdaráis iomaíochta náisiúnta na sonraí sin agus breithníodh iad in éineacht leis na fógraí faoi chinntí maidir le bearta eatramhacha a fuair an Coimisiún le haghaidh na tréimhse idir mí Eanáir 2023 agus mí an Mheithimh 2024. Léiríonn sé sin gur ghlac 16 údarás iomaíochta náisiúnta, idir an 1 Bealtaine 2004 agus an 1 Meitheamh 2024, 95 chinneadh san iomlán lena bhforchuirtear bearta eatramhacha (an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSeicia agus an tSualainn)<sup>13</sup>. Áirítear orthu sin cinntí

<sup>13</sup> Tá an líon iomlán cinntí lena bhforchuirtear bearta eatramhacha, chomh maith leis an líon aonair le haghaidh Ballstáit áirithe a áirítear i dTábla 2, éagsúil leis na sonraí a áirítear sa mheastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 773/2004 ón gCoimisiún, toisc gur chomhlánaigh roinnt

lena bhforchuirtear bearta eatramhacha maidir le sáruihte ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí, chomh maith le bearta eatramhacha maidir le sáruihte ar fhorálacha coibhéiseacha faoin dlí iomaíochta náisiúnta.

As na 95 chinneadh sin lena bhforchuirtear bearta eatramhacha, ghlac trí údarás iomaíochta náisiúnta níos mó ná leath díobh: ghlac údarás iomaíochta na Fraince 20 cinneadh le linn na tréimhse sin; ghlac údarás iomaíochta na Beilge 18 gcinneadh; agus ghlac údarás iomaíochta na hIodáile 14 chinneadh. As na 13 údarás iomaíochta náisiúnta eile a ghlac bearta eatramhacha sa tréimhse ábhartha, ghlac ocht n-údarás iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha níos mó ná uair amháin: An Chróit, an Chipir, an Ghréig, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn.

**Tábla 2: Líon na mbeart eatramhach a glacadh sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta idir an 1 Bealtaine 2004 agus an 1 Meitheamh 2024**

An Ballstát	An líon cinntí maidir le bearta eatramhacha
an Fhrainc	20
an Bheilg	18
an Iodáil	14
an Spáinn	8
an Ghréig	7
an Chipir	6
an tSualainn	6
an Pholainn	5
an Chróit	2
Málta	2
an Phortaingéil	2
an Ostair	1
an tSeicia	1
an Laitvia	1
Lucsamburg	1
an tSlóvaic	1

Ní léiríonn na huimhreacha sin ina n-iomláine an taithí na n-údarás iomaíochta náisiúnta thar na blianta le bearta eatramhacha. D’eisigh roinnt údaráis iomaíochta náisiúnta bearta eatramhacha roimh mhí na Bealtaine 2004<sup>14</sup>. Ní léiríonn na huimhreacha ach oiread cásanna inar bhreithnigh

údaráis iomaíochta náisiúnta na sonraí mar chuid den anailís sin, agus toisc gur cuireadh tréimhse ama bhreise san áireamh (i.e. an tréimhse idir an 1 Eanáir 2023 agus an 1 Meitheamh 2024).


<sup>14</sup> Mar shampla, d’eisigh údarás iomaíochta na Fionlainne cinneadh lena bhforchuirtear bearta eatramhacha in 1993.

na húdaráis iomaíochta náisiúnta iarrataí ar bhearta eatramhacha – ach ar diúltaíodh dóibh ar deireadh; cásanna inar bhreithnigh siad bearta eatramhacha ach nár fhorchuir siad iad sa deireadh, toisc gur thairg na páirtithe gealltanais; agus cásanna inar fhorchuir siad bearta eatramhacha, ach nár seasadh leis na bearta eatramhacha sin faoi achomharc.

Agus comparáid á déanamh idir na sonraí sin, tugtar faoi deara go bhfuil ceanglais nós imeachta nach bhfuil chomh dian céanna ag 9 gcinn de na 11 údarás iomaíochta náisiúnta a bhfuil níos mó ná cinneadh amháin glactha cheana acu lena bhforchuirtear bearta eatramhacha ná mar atá acu dá n-imeachtaí ar na tuillteanais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn). I gcás na Fraince agus na Beilge, arb iad an dá údarás iomaíochta náisiúnta iad a ghlac formhór na gcinntí maidir le bearta eatramhacha, agus i gcás na Polainne, na Portaingéile agus na Spáinne, tá tástáil dhlíthiúil nach bhfuil chomh dian céanna ag gabháil leo sin.

Nuair a bhreathnaítear ar líon na gcinntí a glacadh in aghaidh na bliana le linn na tréimhse ó mhí na Bealtaine 2004 go dtí mí an Mheithimh 2024, is féidir a thabhairt faoi deara gur ghlac na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ar an meán, cúig chinneadh lena bhforchuirtear bearta eatramhacha in aghaidh na bliana. Léiríonn an chart thíos go bhfuil an líon éagsúil in aghaidh na bliana, ach níl aon treocht fhoriomlán ann ag méadú ná ag laghdú.

**Chart 1: Líon na gcinntí maidir le bearta eatramhacha arna ndéanamh ag údaráis iomaíochta náisiúnta an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta in aghaidh na bliana**



## 5. TAITHÍ LEIS AN UIRLIS: ÚSÁIDEACHT AGUS CÁSANNA OIRIÚNACHA

Sholáthair na húdaráis iomaíochta náisiúnta aiseolas cáilíochtúil freisin maidir lena dtaithí ar bhearta eatramhacha. Tríd is tríd bhí taithí dhearfach ag formhór mór na n-údarás iomaíochta náisiúnta a d'fhreagair ar bhearta eatramhacha agus dúirt siad go measann siad gur uirlis forfheidhmiúcháin úsáideach iad<sup>15</sup>. Leag na húdaráis iomaíochta náisiúnta sin béim ar a thábhachtaí atá an méid seo a leanas: (i) a gcumas, trí bhearta eatramhacha, struchtúr margaidh a chaomhnú go dtí go nglacfar cinneadh sna príomhimeachtaí, nó iomaíocht sa mhargadh a athbhunú sa ghearrthéarma; (ii) éifeacht dhíspreagthach na mbeart eatramhach; agus (iii) oiriúnacht na mbeart eatramhach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i margaí mearghluaiseachta. Mar a mhínigh ceann de na húdaráis 'is féidir iad a úsáid chun damáiste tromchúiseach doleasaithe don iomaíocht a chosc nach bhféadfaí a chosc ar shlí eile trí uirlisí eile atá ar fáil'.

Bhí údarás iomaíochta náisiúnta amháin nár labhair go fabhrach faoin uirlis forfheidhmiúcháin sin, agus ina ionad sin luaigh sé na dúshláin a bhaineann le sárú *prima facie* a chruthú agus an phráinn a bhaineann le bearta eatramhacha a fhorchur. Ina ionad sin, is fearr leis an údarás iomaíochta náisiúnta sin dul ar aghaidh go tapa leis na himeachtaí as a n-eascaíonn cinneadh a ghlacadh bunaithe ar thuillteanais an cháis.


Nuair a cuireadh ceist orthu faoi thionchar na mbeart eatramhach ar na himeachtaí ar na tuillteanais (i.e. cibé an méadaíonn nó an laghdaíonn bearta eatramhacha fad iomlán na n-imeachtaí, nó an méadaíonn siad an seans go dtiocfar ar réiteach leis na páirtithe lena mbaineann nó leis na páirtithe a bhfuil gealltanais á dtairiscint acu), bhí tuairimí éagsúla ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta<sup>16</sup>. Measann formhór na n-údarás iomaíochta náisiúnta, ar ghlac gach ceann acu cinneadh amháin ar a laghad lena bhforchuirtear bearta eatramhacha, go bhféadfadh úsáid na huirlise forfheidhmiúcháin sin fad iomlán na n-imeachtaí a laghdú, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gealltanais á dtairiscint ag na páirtithe sna himeachtaí chun an inni in aghaidh trustaí a sainathnódh a réiteach. D'áitigh roinnt údaráis iomaíochta náisiúnta go bhféadfadh tionchar éagsúil a bheith ag bearta eatramhacha ar fhad na bpríomhimeachtaí, ó imeachtaí a ghiorrú go síneadh a chur leo, ag brath ar an dá rud seo a leanas: (i) imthosca sonracha an cháis; agus, níos tábhachtaí fós (ii) cé acu a sheasann nó nach seasann an chúirt athbhreithnithe ar deireadh leis an gcinneadh lena bhforchuirtear bearta eatramhacha.

Léiríonn go leor samplaí de chásanna gur uirlis ildánach iad bearta eatramhacha, cé nach bhfuil siad oiriúnach do gach imscrúdú in aghaidh trustaí. D'fhéadfadh siad a bheith úsáideach in imscrúduithe ar chomhaontuithe a d'fhéadfadh a bheith frithiomaíoch agus ar mhí-úsáidí ceannasachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Léirítear sa chairt thíos, as na 95 chinneadh a ghlac na húdaráis iomaíochta náisiúnta, gur bhain formhór na gcinntí a bhí bunaithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí le mí-úsáidí ceannasachta a d'fhéadfadh a bheith ann (Airteagal 102 CFAE).

## **Cairt 2: Bunús dlí na gcinntí maidir le bearta eatramhacha arna ndéanamh ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta**

<sup>15</sup> D'fhreagair 14 údarás iomaíochta náisiúnta ceist inar iarradh a dtuairimí foriomlána ar bhearta eatramhacha agus d'fhreagair 13 díobh ag rá gur mheas siad go raibh siad úsáideach.

<sup>16</sup> Thug 9 n-údarás iomaíochta náisiúnta freagra ar an gceist.



Áirítear ar na cleachtais is coitianta ar forchuireadh bearta eatramhacha ina leith diúltú do sholáthar (i gcás ina ndiúltaíonn gnóthas ceannasach táirge nó seirbhís a sholáthar d'iomaitheoir iartheachtach), agus baghcat comhchoiteann (i gcás ina gcomhaontaíonn grúpa iomaitheoirí iomaitheoir iarbhir nó ionchasach a eisiamh nó bac a chur air). Cuireann na húdaráis iomaíochta náisiúnta in iúl gur minic gur cásanna iad a bhaineann le teoiric dhochair níos simplí atá oiriúnach go háirithe chun bearta eatramhacha a úsáid. Cé go léiríonn roinnt údaráis iomaíochta náisiúnta go bhféadfadh cásanna san earnáil dhigiteach a bheith an-oiriúnach chun bearta eatramhacha a úsáid, léiríonn na samplaí gur forchuireadh bearta eatramhacha ar fud earnálacha éagsúla, ó theileachumarsáid go tionscail bhunúsacha agus ó chraoladh go dtí an earnáil talmhaíochta.

Tá na bearta eatramhacha atá glactha ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta éagsúil ag brath ar imthosca sonracha an cháis. De ghnáth bíonn siad i bhfoirm oibleagáide chun comhaontú, nó cuid dá chlásail, a chur ar fionraí chun soláthar táirge nó seirbhíse áirithe a (ath)thosú nó chun na coinníollacha faoina ndeonaítear rochtain ar shaoráid nó acmhainn áirithe a athrú.

Léiríonn na samplaí thíos arna soláthar ag na trí údarás iomaíochta náisiúnta a d'úsáid an uirlis sin go forleathan solúbthacht na mbearta eatramhach.

### *Oibleagáid a chur ar Google luach saothair a chaibidliú le foilsitheoirí nuachta*

In 2019, d'eisigh údarás iomaíochta na Fraince bearta eatramhacha lenar cuireadh d'oibleagáid ar Google dul i mbun caibidlíochta le foilsitheoirí nuachta maidir leis an luach saothair as a n-inneachar atá faoi chosaint cóipchirt a thaispeáint, amhail grianghraif nó sleachta gearra dá n-ailt<sup>17</sup>. Ag an am sin, bhí rialail reachtach nua ar tí teacht i bhfeidhm a thug an ceart d'fhoilsitheoirí nuachta taispeáint a n-ábhar ag ardáin digiteacha a cheadú nó a thoirmeasc. Bhí sé ar intinn ag

<sup>17</sup> Décision 19-MC-01 du 31 janvier 2019.



Google stop a chur le haon ábhar den sórt sin a thaispeáint ar a shuíomhanna gréasáin, Google Search san áireamh, mura rud é gur thug foilsitheoirí nuachta údarú do Google an t-ábhar sin a úsáid saor in aisce. Ghníomhaigh údarás iomaíochta na Fraince ar ghearán ó fhoilsitheoirí nuachta a chreid go bhféadfadh mí-úsáid ceannasachta Google a bheith i gceist leis an gcur chuige sin, toisc gur dhiúltaigh Google dul i mbun caibidlíochta maidir leis an luach saothair cothrom atá le híoc as ábhar den sórt sin atá faoi chosaint cóipchirt a úsáid. Dá bhrí sin, d'ordaigh údarás iomaíochta na Fraince bearta eatramhacha chun a áirithiú go ndéanfaidh Google caibidlíocht de mheon macánta le foilsitheoirí nuachta go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le tuillteanais an cháis, agus ina dhiaidh sin fineáil a fhorchur ar Google as gan na bearta sin a chomhlíonadh. Na himeachtaí maidir leis na tuillteanais arna dtabhairt i gcrích le gealltanais arna moladh ag Google agus arna nglacadh ag údarás iomaíochta na Fraince.

#### *Cead a thabhairt do chraoltóirí tríú páirtí imeachtaí sacair a thaispeáint*

In 2023, d'fhorchuir údarás iomaíochta na hIodáile bearta eatramhacha ar dhá chraoltóir lenar cuireadh toirmeasc ar chlásail chonarthaigh áirithe eatarthu a raibh sé mar aidhm acu a áirithiú nach mbeadh sé de cheart ach acu féin, agus gan ag craoltóir ar bith eile, comórtais áirithe sacair a thaispeáint<sup>18</sup>. Leis na bearta eatramhacha, rinne údarás iomaíochta na hIodáile idirghabháil chun a áirithiú go bhféadfadh craoltóirí eile imeachtaí spóirt caibidlíochta a dhéanamh maidir leis an gceart na comórtais sacair atá i gceist a thaispeáint freisin. Mar gheall ar na bearta eatramhacha bhíodhas in ann cluichí peile a thaispeáint ar chainéil seachas cainéil an dá chraoltóir. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar thuillteanais an cháis, ghearr údarás iomaíochta na hIodáile fineálacha ar an dá chraoltóir a thug an comhaontú i gcrích. Seasadh le cinneadh an údaráis ar achomharc.

#### *Iomaíocht a chaomhnú sa mhargadh le haghaidh leathanbhanda idirlín*

In 2023, d'fhorchuir údarás iomaíochta na Beilge bearta eatramhacha ar Proximus mar chuid d'imscrúdú ar mhí-úsáid ceannasachta a d'fhéadfadh a bheith ann<sup>19</sup>. Cheannaigh Proximus EDPnet, ceann dá iomaitheoirí díreacha sna margaí mórdhíola agus miondhíola le haghaidh idirlíon leathanbhanda fosaithe. Chreid údarás iomaíochta na Beilge go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag an fáil sin ar an iomaíocht. Dá bhrí sin, d'fhorchuir sé bearta eatramhacha ar Proximus chun leanúnachas oibríochtaí EDPnet agus neamhspleáchas oibríochtúil agus tráchtála EDPnet ar Proximus a áirithiú ar feadh thréimhse an imscrúdaithe ar na himeachtaí ar na tuillteanais. Chinn Proximus ar deireadh EDPnet a athdhíol leis an iontrálaí nua in earnáil teileachumarsáide na Beilge, rud a chuir ar chumas údarás iomaíochta na Beilge a imscrúdú a thabhairt i gcrích.

## **6. CONCLÚIDÍ**

Faoin am seo tá sé de chumhacht ag gach údarás iomaíochta náisiúnta de chuid an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta bearta eatramhacha a ghlacadh maidir le sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trastaí.

<sup>18</sup> 1857 - ACCORDO TIM-DAZN SERIE A 2021/2024.

<sup>19</sup> Décision n° ABC-2023-RPR-17 du 21 juin 2023 dans l'affaire n° CONC-RPR-23/0002.

Cé go raibh an chumhacht sin ag formhór na n-údarás iomaíochta náisiúnta cheana féin sular trasúódh Treoir ECN+, tá níos mó comhchuibhithe ann mar thoradh ar an Treoir, trí ligeann d'údaráis iomaíochta náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) bearta eatramhacha a eisiúint *ex officio*, is é sin ar thionscnamh an údaráis iomaíochta náisiúnta gan iarraidh roimh ré ó thríú páirtí; (ii) na bearta eatramhacha sin a bhunú ar chinneadh go ndearnadh sárú *prima facie*; agus (iii) na bearta eatramhacha a athnuachan go dtí go nglacfar an cinneadh maidir le tuillteanais an cháis. Tá roinnt difríochtaí fós ann, i dtéarmaí na tástála dlíthiúla substaintí atá le cur i bhfeidhm agus na gceanglas nós imeachta ar fud na mBallstát.

Tá an úsáid iarbhrí a bhaintear as bearta eatramhacha an-éagsúil i measc na n-údarás iomaíochta náisiúnta. Tá saintréithe nós imeachta áirithe ag formhór na n-údarás iomaíochta náisiúnta a ghlac níos mó ná cinneadh amháin a chuireann ar a gcumas gníomhú níos tapúla ná in imeachtaí ar na tuillteanais, uaireanta in éineacht le tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna. Dá bhrí sin, is cosúil go mbaintear úsáid níos mó as an uirlis forfheidhmiúcháin sin mar thoradh ar imeachtaí níos cuíchóirithe, b'fhéidir in éineacht le tástáil dhlíthiúil shubstainteach nach bhfuil chomh dian céanna chun bearta eatramhacha a fhorchur.

An tráth céanna, tá údaráis iomaíochta náisiúnta ann freisin nár ghlac cinntí lena bhforchuirtear bearta eatramhacha d'ainneoin imeachtaí nach bhfuil chomh dian céanna agus tástáil dhlíthiúil shubstainteach. Dá bhrí sin, dealraíonn sé freisin gur rogha straitéiseach de chuid na n-údarás iomaíochta náisiúnta é bearta eatramhacha a úsáid.